2024/3017

6.12.2024

TREOIR (AE) 2024/3017 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Samhain 2024

lena leasaítear Treoir 2009/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear na bunphrionsabail lena rialaítear imscrúdú ar thionóiscí in earnáil an mhuiriompair agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2011 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2009/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), bunaítear na bunphrionsabail lena rialaítear imscrúdú ar thionóiscí in earnáil an mhuiriompair agus déantar foráil maidir le córas um imscrúduithe sábháilteachta muirí ('imscrúduithe sábháilteachta'). Is iad comhlachtaí imscrúdaitheacha neamhspleácha arna mbunú sna Ballstáit a dhéanann imscrúdú ar thionóiscí muirí a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin, ar comhlachtaí iad arna mbunú chun sábháilteacht mhuirí a fheabhsú chomh maith leis an muirthimpeallacht a chosaint, d'fhonn foghlaim ón am atá thart chun taismigh agus teagmhais amach anseo a chosc.

(2) Ó tháinig Treoir 2009/18/CE i bhfeidhm, tá athruithe tagtha ar an timpeallacht rialála idirnáisiúnta agus ar fhorbairtí teicneolaíocha. Ba cheart na hathruithe agus forbairtí sin, chomh maith leis an taithí a fuarthas i gcur chun feidhme na Treorach sin, a chur san áireamh.

(3) I ndáil leis sin, ba cheart don Aontas, i gcomhréir lena ghealltanais idirnáisiúnta a bhaineann leis an muirthimpeallacht a chosaint, leanúint dá cheannaireacht a fheidhmiú in earnáil a rialaítear ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon.

(4) Tagraítear i dTreoir 2009/18/CE do roinnt téacsanna dlí arna nglacadh ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) a aisghaireadh, a leasaíodh nó a athbhreithníodh ó tháinig sí i bhfeidhm. Tagraítear sa Treoir sin, mar shampla, do Chód IMO maidir le hImscrúdú ar Thaismigh Mhuirí agus Teagmhais Mhuirí arna ghlacadh le rún IMO A.849(20) an 27 Samhain 1997, cód a cúlghaireadh le Cód na gCaighdeán Idirnáisiúnta agus na gCleachtas Molta maidir le hImscrúdú Sábháilteachta ar Thaismigh Mhuirí nó Teagmhais Mhuirí arna ghlacadh le rún IMO MSC.255(84) an 16 Bealtaine 2008 ('Cód IMO maidir le hImscrúdú Taismeach') agus leis na Treoirlínte chun Cúnamh a thabhairt d'Imscrúdaitheoirí Cód IMO maidir le hImscrúdú Taismeach a Chur chun Feidhme arna ghlacadh le rún IMO A.1075 (28) an 4 Nollaig 2013 ('Treoirlínte IMO chun Cúnamh a thabhairt d'imscrúdaitheoirí an Cód maidir le hImscrúdú Taismeach a Chur Chun Feidhme').

(5) Tugtar isteach le Cód IMO maidir le hImscrúdú Taismeach sainmhínithe nua, amhail an sainmhíniú ar 'údarás um imscrúdú sábháilteachta muirí', cé go ndéantar coincheapa eile, amhail 'taismeach tromchúiseach', a scriosadh. Ba cheart na hathruithe sin a ionchorprú i dTreoir 2009/18/CE.

([1]) IO C, C/2023/875, 8.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/875/oj.
([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2024 (nár foilsíodh fós san *Iris Oifigiúil*) agus cinneadh ón gComhairle an 18 Samhain 2024.
([3]) Treoir 2009/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena mbunaítear na bunphrionsabail lena rialaítear imscrúdú ar thionóiscí in earnáil an mhuiriompair agus lena leasaítear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle agus Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 131, 28.5.2009, lch. 114).

(6) Tagraítear freisin i dTreoir 2009/18/CE do chiorclán IMO MSC-MEPC.Circ.3 an 18 Nollaig 2008 – Tuarascálacha maidir le taismigh mhuirí agus teagmhais mhuirí, Nósanna imeachta athbhreithnithe um thuairisciú comhchuibhithe, ar cuireadh ciorclán IMO MSC-MEPC ina ionad. 3/circ.4/rev.1 an 18 Samhain 2014.

(7) I dTreoirlínte IMO chun Cúnamh a thabhairt d'Imscrúdaitheoirí an Cód maidir le hImscrúdú Taismeach a Chur Chun Feidhme, tugtar comhairle phraiticiúil maidir le himscrúdú córasach a dhéanamh ar thaismigh mhuirí agus ar theagmhais mhuirí agus leo sin, táthar in ann anailís éifeachtach agus gníomh coisctheach a fhorbairt. Gabhann na Treoirlínte sin ionad na modheolaíochta coitinne a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1286/2011 ón gCoimisiún ([4]). Mar thoradh air sin, ba cheart iad a áireamh i dTreoir 2009/18/CE, agus ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1286/2011 a aisghairm.

(8) Faoi láthair tá soithí iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar ar fad eisiata ó raon feidhme Threoir 2009/18/CE. Mar thoradh air sin, níl na himscrúduithe sábháilteachta a dhéantar agus a bhaineann le soithí iascaireachta den sórt sin córasach ná comhchuibhithe. Is minic a iompaíonn na soithí sin béal faoi agus is rud measartha coitianta é go dtiteann baill dá gcriú thar bord. Dá bhrí sin, chun soithí iascaireachta den sórt sin, a gcriúnna agus an comhshaol a chosaint, is gá foráil a dhéanamh maidir le réamh-mheasúnú a thabhairt isteach ar thaismigh mhuirí an-tromchúiseach a bhaineann le soithí iascaireachta den sórt sin chun a chinneadh an bhfuil na húdaráis chun tús a chur le himscrúdú sábháilteachta, lena gcuirtear san áireamh, *inter alia*, an fhianaise atá ar fáil chomh maith leis an bhféidearthacht go bhfágfadh torthaí an imscrúdaithe sábháilteachta go ndéanfaí taismigh mhuirí agus teagmhais mhuirí amach anseo a chosc. Meastar go mbeidh tionchar dearfach suntasach ag an mbeart sin maidir le líon na ndaoine a shábhálfar ar muir agus líon na ndíobhálacha a sheachnófar, rud a chosnóidh beatha agus sláinte iascairí na hEorpa go háirithe.

(9) Le Treoir 2009/18/CE, ní dhéantar cosc a chur ar na Ballstáit rialacha náisiúnta a leagan síos chun imscrúdú a dhéanamh ar thaismigh mhuirí nó ar theagmhais mhuirí lena mbaineann aon chineál loinge a iompraíonn 12 phaisinéir nó níos lú nó a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí tráchtála eile.

(10) Níl roinnt sainmhínithe dá bhforáiltear i dTreoir 2009/18/CE soiléir. Ba cheart an sainmhíniú ar 'fad soithigh iascaireachta' a thabhairt isteach, go háirithe i gcásanna ina bhfuil idirdhealú ann maidir le cur chuige agus oibleagáidí na n-údarás um imscrúdú sábháilteachta muirí ('údaráis um imscrúdú sábháilteachta') ar bhonn fhad an tsoithigh iascaireachta.

(11) Déantar tagairt i gCód IMO maidir le hImscrúdú Taismeach do theagmhas nó do shraith teagmhas a tharla 'go díreach i dtaca le hoibríochtaí loinge'. Tá éagsúlacht shuntasach sa léirmhíniú ag baint leis an gcoincheap sin agus ba cheart é a shoiléiriú. Bíonn tionchar ag an éagsúlacht sin ar ghníomhaíochtaí na n-údarás um imscrúdú sábháilteachta, go háirithe maidir le tionóiscí i gcalafoirt, na féidearthachtaí a bhaineann le himscrúduithe comhpháirteacha sábháilteachta, agus bailiú sonraí tionóiscí agus imscrúdaithe.

(12) Luaitear i gCód IMO maidir le hImscrúdú Taismeach go mbeidh imscrúdú sábháilteachta le déanamh i gcás ina dtarlaíonn taismeach muirí an-tromchúiseach. Mar sin féin, níl aon treoraíocht ann i ndáil leis an tréimhse ama ina dtarlaíodh bás tar éis na tionóisce chun go measfar gur taismeach muirí an-tromchúiseach í nach mór a imscrúdú sábháilteachta. Dá bhrí sin, ba cheart treoraíocht den sórt sin a sholáthar i dTreoir 2009/18/CE.

(13) Ba cheart do na húdaráis um imscrúdú sábháilteachta a ndícheall a dhéanamh tuairiscí ar thionóiscí agus a moltaí a chur ar fáil dóibh siúd lena mbaineann, lena n-áirítear íospartaigh agus a dteaghlaigh, sula gcuirfidh siad ar fáil don phobal iad.

(14) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé scrúdú a dhéanamh ar thosca daonna san imscrúdú sábháilteachta, ba cheart aird chuí a thabhairt in imscrúduithe sábháilteachta ar na dálaí oibre agus dálaí maireachtála ar bord agus ar aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an taismeach muirí nó ar an teagmhas muirí atá á imscrúdú.

(15) Tá éagsúlacht shuntasach idir na baill foirne atá ar fáil d'údaráis um imscrúdú sábháilteachta na mBallstát, agus acmhainní oibríochtúla na n-údarás sin, rud a fhágann go ndéantar tuairisciú agus imscrúdú neamhéifeachtach neamhréireach ar thaismigh mhuirí. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí ('an Ghníomhaireacht'), tacaíocht anailíseach an-speisialaithe a sholáthar le haghaidh imscrúduithe sábháilteachta aonair (scileanna boga), chomh maith le huirlisí anailíseacha agus trealamh anailíseach (crua-earraí). Thairis sin, ba cheart leanúint de spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do chomhar agus cúnamh frithpháirteach idir na Ballstáit, go háirithe i bhfianaise na ndúshlán nua sábháilteachta muirí a bhaineann le saincheisteanna comhshaoil, sóisialta, sláinte poiblí agus saothair.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1286/2011 ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2011 lena nglactar modheolaíocht chomhchoiteann chun taismigh mhuirí agus teagmhais mhuirí a imscrúdú arna bhforbairt de bhun Airteagal 5(4) de Threoir 2009/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 10.12.2011, lch. 36).

(16) Ba cheart don Ghníomhaireacht, dá bhrí sin, oiliúint thráthrialta a eagrú maidir le teicnící sonracha agus forbairtí agus teicneolaíochtaí nua a d'fhéadfadh a bheith ábhartha d'imscrúdú sábháilteachta a dhéanfar amach anseo. Ba cheart an oiliúint sin a dhíriú, *inter alia*, ar bhreoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin, atá ábhartha go háirithe i bhfianaise an phacáiste 'Oiriúnach do 55', ar uathoibriú, agus ar na rialacha a bhaineann le cosaint ghinearálta sonraí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]). Leis sin, cuirfear feabhas ar shábháilteacht ar bord na soithí agus ar shláinte agus sábháilteacht na maraithe agus na n-iascairí atá ag obair orthu.

(17) Ba cheart neamhspleáchas na n-imscrúduithe sábháilteachta a áirithiú i ngach cúinse agus ba cheart gach páirtí a bhfuil baint acu leis na himscrúduithe sin, lena n-áirítear aon eintitis, institiúidí nó gníomhaireachtaí, bídís poiblí nó príobháideach, a bheith saor ó aon choinbhleacht leasa.

(18) Ba cheart do na Ballstáit oibriú le chéile chun a áirithiú go ndéanfar imscrúduithe sábháilteachta ar bhealach comhsheasmhach agus chun cabhrú leis na húdaráis um imscrúdú sábháilteachta a gcumas um imscrúdú sábháilteachta a fheabhsú agus a mhéadú.

(19) Chun Treoir 2009/18/CE a oiriúnú d'fhorbairt an dlí mhuirí idirnáisiúnta a bhaineann le himscrúdú sábháilteachta ar thionóiscí in earnáil an mhuiriompair, agus chun bailiú, comhroinnt agus tuairisciú eolais a éascú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([6]). Go háirithe, ba cheart an creat buanchomhair a bunaíodh le Treoir 2009/18/CE a chur san áireamh sna comhairliúcháin sin. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna le saineolaithe na mBallstát, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(20) I bhfianaise thimthriall iomlán na gcuairteanna a thugann an Ghníomhaireacht ar na Ballstáit chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir 2009/18/CE, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir 2009/18/CE seo tráth nach déanaí ná 5 bliana ó dháta thrasuí na Treorach leasaithí seo agus tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith. Ba cheart do na Ballstáit oibriú i gcomhar leis an gCoimisiún chun an fhaisnéis uile is gá a bhailiú don mheastóireacht sin.

(21) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon rialacha a leagan síos maidir le himscrúdú sábháilteachta ar thionóiscí in earnáil an mhuiriompair chun an tsábháilteacht mhuirí a fheabhsú agus an mhuirthimpeallacht a chosaint, a ghnóthú go leordhóthanach, agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(22) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2009/18/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2009/18/CE

Leasaítear Treoir 2009/18/CE mar seo a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Ós rud é nach é is cuspóir d'imscrúduithe sábháilteachta muirí ("imscrúduithe sábháilteachta") de bhun na Treorach seo dliteanas a chinneadh nó milleán a chionroinnt, ní thabharfar aon locht ná dliteanas le tuiscint le torthaí na n-imscrúduithe sin. Áiritheoidh na Ballstáit nach gcuirfear cosc ná bac ar na húdaráis um imscrúdú sábháilteachta muirí ("údaráis um imscrúdú sábháilteachta") na cúiseanna le taismeach muirí nó teagmhas muirí a thuairisciú go hiomlán.';

([5]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

([6]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(2) in Airteagal 2(2), scriostar pointe (d);

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

'*Airteagal 3*

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "Cód IMO maidir le hImscrúdú Taismeach" Cód na gCaighdeán Idirnáisiúnta agus na gCleachtas Molta le haghaidh Imscrúdú Sábháilteachta ar Thaismeach Muirí nó ar Theagmhas Muirí atá san Iarscríbhinn a ghabhann le rún MSC.255(84) IMO ó Choiste Muir-Shábháilteachta IMO an 16 Bealtaine 2008, ina leagan atá cothrom le dáta;

(2) ciallaíonn "Treoirlínte IMO chun Cúnamh a thabhairt d'Imscrúdaitheoirí an Cód maidir le hImscrúdú Taismeach a Chur Chun Feidhme" na treoirlínte atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Rún A.1075(28) IMO a ghlac Tionól IMO an 4 Nollaig 2013, ina leagan atá cothrom le dáta;

(3) tuigfear na téarmaí seo a leanas i gcomhréir leis na sainmhínithe atá i gCód IMO maidir le hImscrúdú Taismeach:

(a) "taismeach muirí";

(b) "taismeach muirí an-tromchúiseach";

(c) "teagmhas muirí";

(d) "imscrúdú sábháilteachta muirí";

(e) "údarás um imscrúdú sábháilteachta muirí";

(f) "Stát imscrúdaithe sábháilteachta muir"í;

(g) "Stát a bhfuil leas substaintiúil aige";

(h) "mórdhíobháil";

(4) ciallaíonn "Treoirlínte IMO maidir le Cóir Chothrom do Mharaithe i gCás Tionóisc Mhuirí" na treoirlínte atá san Iarscríbhinn a ghabhann le rún IMO LEG.3(91) ó Choiste Dlí IMO an 27 Aibreán 2006 arna bhformheas ag Comhlacht Rialaithe na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ag an 296ú seisiún dá chuid an 12 go dtí an 16 Meitheamh 2006, ina leagan atá cothrom le dáta;

(5) ciallaíonn "long paisinéirí róró" "long paisinéirí róró" mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2017/2110 (*) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(6) ciallaíonn "árthach paisinéirí ardluais" "árthach paisinéirí ardluais" mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Threoir (AE) 2017/2110;

(7) ciallaíonn "taifeadán sonraí turais" ("VDR") "taifeadán sonraí turais" mar a shainmhínítear i bpointe 4.1 den Iarscríbhinn a ghabhann le rún IMO MSC.333(90) ó Choiste Muir-Shábháilteachta IMO an 22 Bealtaine 2012, ina leagan atá cothrom le dáta agus arna fhorlíonadh leis na caighdeáin feidhmíochta ábhartha de chuid IMO is infheidhme ar dháta suiteála an VDR sin ar bord, agus gan dochar do dhlí an Aontais;

(8) ciallaíonn "taifeadán sonraí turais simplithe" ("S-VDR") "taifeadán sonraí turais simplithe" mar a shainmhínítear i bpointe 4.1 den Iarscríbhinn a ghabhann le rún IMO MSC. 163(78) ó Choiste Muir-Shábháilteachta IMO an 17 Bealtaine 2004, ina leagan atá cothrom le dáta agus arna fhorlíonadh le caighdeáin feidhmíochta ábhartha de chuid IMO is infheidhme ar dháta suiteála an S-VDR sin ar bord, agus gan dochar do dhlí an Aontais;

(9) ciallaíonn "moladh sábháilteachta" aon togra arna dhéanamh, lena n-áirítear chun críoch clárúcháin agus rialaithe, ag na heintitis seo a leanas:

(a) údarás um imscrúdú sábháilteachta an Stáit a sheolann an t-imscrúdú sábháilteachta, nó a threoraíonn an t-imscrúdú sábháilteachta, ar bhonn faisnéise a dhíorthaítear ón imscrúdú sin; nó

(b) i gcás inarb iomchuí, an Coimisiún, ag gníomhú dó ar bhonn anailís theibí ar shonraí agus ar thorthaí na n-imscrúduithe sábháilteachta a rinneadh;

(10) ciallaíonn "fad soithigh iascaireachta" "fad soithigh iascaireachta" de réir bhrí Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/1130 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**);

(11) ciallaíonn "díobháil mharfach" díobháil a bhaineann do dhuine i dtionóisc agus gur trúig bháis dó nó di í laistigh de 30 lá ó dháta na tionóisce, i gcás ina bhfuil an fhaisnéis ghaolmhar ar fáil.

(*) Treoir (AE) 2017/2110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 maidir le córas cigireachtaí d'oibriú sábháilte long paisinéirí róró agus árthaí paisinéirí ardluais i seirbhís rialta agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 61).

(**) Rialachán (AE) 2017/1130 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 lena sainmhínítear saintréithe soithí iascaireachta (IO L 169, 30.6.2017, lch. 1).';

(4) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) neamhspleách ar imscrúduithe coiriúla nó ar imscrúduithe comhthreomhara eile a dhéantar chun dliteanas a chinneadh nó chun milleán a chionroinnt agus go bhfuil údaráis um imscrúdú sábháilteachta in ann tuairisciú ar thorthaí imscrúduithe sábháilteachta gan treoir ná cur isteach ó aon duine, eagraíocht nó páirtí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thoradh na n-imscrúduithe sábháilteachta sin;';

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) gníomhaíochtaí a n-údarás um imscrúdú sábháilteachta faoi seach a chomhordú a mhéid is gá chun cuspóir na Treorach seo a bhaint amach.';

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 5 agus 6:

'*Airteagal 5*

Oibleagáid chun imscrúdú a dhéanamh

1. Áiritheoidh gach Ballstát go ndéanfaidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta dá dtagraítear in Airteagal 8 imscrúdú sábháilteachta tar éis aon taismeach muirí an-tromchúiseach:

(a) a bhfuil long a mbeidh a bhratach ar foluain aici ag baint leis, gan beann ar shuíomh an taismigh;

(b) a tharlaíonn laistigh dá fharraige theorann agus dá uiscí inmheánacha mar a shainmhínítear in UNCLOS iad, beag beann ar bhratach na loinge nó na long a bhfuil baint acu leis an taismeach; nó

(c) a bhfuil leas substaintiúil an Bhallstáit ag baint leis, beag beann ar shuíomh an taismigh agus ar bhratach na loinge nó na long a bhfuil baint acu leis an taismeach.

2. I gcás soitheach iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar ar fad, déanfaidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta gan mhoill agus tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis an taismigh mhuirí an-tromchúiseach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, réamh-mheasúnú chun a chinneadh an ndéanfar imscrúdú sábháilteachta nó nach ndéanfar. I gcás ina gcinnfidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta gan imscrúdú sábháilteachta den sórt sin a dhéanamh, déanfar na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin a thaifeadadh agus a fógra a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 17(3) gan mhoill agus tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis an taismigh mhuirí an-tromchúiseach.

3. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le himscrúdú sábháilteachta a dhéanamh i gcomhréir le mír 2, cuirfidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta san áireamh an fhianaise a bheidh ar fáil, chomh maith leis an bhféidearthacht go ndéanfaí le torthaí an imscrúdaithe sábháilteachta taismigh mhuirí agus teagmhais mhuirí sa todhchaí a chosc.

4. I gcás aon taismeach muirí nó teagmhas muirí nach gcumhdaítear le mír 1, le mír 2 ná le mír 3, cinnfidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta an seolfaidh sé imscrúdú sábháilteachta.

5. Is é údarás um imscrúdú sábháilteachta an Bhallstáit imscrúdúcháin atá i gceannas a chinnfidh an raon feidhme agus na socruithe praiticiúla maidir le himscrúdú sábháilteachta a dhéanamh i gcomhar le húdaráis choibhéiseacha na Stát eile a bhfuil leas substaintiúil acu, ar bhealach a chreideann údarás um imscrúdú sábháilteachta an Bhallstáit imscrúdúcháin atá i gceannas gurb é an bealach is fearr é chun cuspóir na Treorach seo a bhaint amach, agus d'fhonn taismigh mhuirí agus teagmhais mhuirí amach anseo a chosc.

6. Agus imscrúdú sábháilteachta á dhéanamh aige, leanfaidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta Treoirlínte IMO chun Cúnamh a thabhairt d'Imscrúdaitheoirí an Cód maidir le hImscrúdú Taismeach a Chur Chun Feidhme. Féadfaidh imscrúdaitheoirí imeacht ó na treoirlínte sin i gcás inar féidir údar cuí a thabhairt leis sin de réir mar is gá, ina mbreithiúnas gairmiúil, chun aidhmeanna an imscrúdaithe sábháilteachta a bhaint amach. Féadfaidh an Coimisiún moltaí a ghlacadh maidir le cur chun feidhme na dtreoirlínte sin, agus aon cheachtanna ábhartha a foghlaimíodh ó imscrúduithe sábháilteachta á gcur san áireamh, agus tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis um imscrúdú sábháilteachta i gcomhthéacs an chreata buanchomhair dá dtagraítear in Airteagal 10.

7. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le taismeach muirí nó teagmhas muirí a tharlaíonn nuair atá long taobh le duga, ar múráil nó i nduga, a raibh baint ag oibrithe ar tír nó ag oibrithe calafoirt leis, an amhlaidh gur tharla an taismeach nó an teagmhas sin "go díreach i dtaca le hoibríochtaí loinge" agus, dá bhrí sin, tá an taismeach nó an teagmhas sin faoi réir imscrúdú sábháilteachta, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, ar rannpháirtíocht struchtúr, threalamh, nósanna imeachta, chriú agus bhainistíocht na loinge agus a n-ábharthacht maidir leis an ngníomhaíocht a bhí á déanamh.

8. Cuirfear tús le himscrúdú sábháilteachta gan mhoill tar éis don taismeach muirí nó don teagmhas muirí tarlú agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 2 mhí ina dhiaidh sin.

9. I gcomhréir leis an dlí náisiúnta, más rud é, le linn imscrúdú sábháilteachta, go dtagann sé chun solais nó go bhfuil drochamhras ann go ndearnadh cion faoi Airteagail 3, 3bis, 3ter nó 3quater de Choinbhinsiún IMO maidir le Cosc a Chur le Gníomhartha Neamhdhleathacha in aghaidh Shábháilteacht na Loingseoireachta Muirí, an 10 Márta 1988, ina leagan atá cothrom le dáta, cuirfidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta údaráis slándála muirí an Bhallstáit nó na mBallstát agus aon tríú tír lena mbaineann ar an eolas láithreach faoi.

Airteagal 6

Oibleagáid fógra a thabhairt

Cuirfidh Ballstát de cheangal, faoi chuimsiú a chórais dlí, go dtabharfaidh na húdaráis atá freagrach nó na páirtithe lena mbaineann, nó iad araon, fógra dá údarás um imscrúdú sábháilteachta gan mhoill faoi tharlú na dtaismeach muirí agus na dteagmhas muirí uile a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo.';

(6) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

'Beidh déanamh imscrúduithe sábháilteachta comhthreomhara ar an taismeach muirí nó teagmhas muirí céanna teoranta go docht do chásanna eisceachtúla. I gcásanna den sórt sin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na cúiseanna atá leis na himscrúduithe sábháilteachta comhthreomhara sin a dhéanamh. Oibreoidh na Ballstáit a sheolann imscrúduithe sábháilteachta comhthreomhara i gcomhar le chéile. Go háirithe, malartóidh na húdaráis um imscrúdú sábháilteachta lena mbaineann aon fhaisnéis ábhartha a bhaileofar ar bhealach tráthúil, le linn a n-imscrúduithe sábháilteachta faoi seach, go háirithe chun teacht ar chonclúidí comhroinnte, a mhéid is féidir.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'1a. Le linn an imscrúdaithe sábháilteachta, cuideoidh na Ballstáit a bhfuil leas substaintiúil acu, a mhéid is praiticiúil, leis an mBallstát imscrúdaithe sábháilteachta muirí nó na Ballstáit imscrúdaithe sábháilteachta muirí trí rochtain a thabhairt ar fhaisnéis atá ábhartha don imscrúdú sábháilteachta. Tabharfar rochtain freisin, má mheastar go bhfuil sé riachtanach, don imscrúdaitheoir nó do na himscrúdaitheoirí a dhéanann imscrúdú sábháilteachta ar fhaisnéis atá i seilbh suirbhéirí rialtais, oifigigh garda cósta, oibreoirí seirbhísí tráchta loinge, píolótaí agus pearsanra muirí eile de chuid an Stáit a bhfuil leas substaintiúil aige, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. I gcás ina mbeidh long paisinéirí róró nó árthach paisinéirí ardluais bainteach le taismeach muirí nó le teagmhas muirí, is é an Ballstát ar ina fharraige theorann nó ina uiscí inmheánacha, de réir mar a shainmhínítear in UNCLOS iad, a tharla an taismeach muirí nó an teagmhas muirí a sheolfaidh an nós imeachta um imscrúdú sábháilteachta. Más in uiscí eile a tharla an taismeach muirí nó an teagmhas muirí, is é an Ballstát deireanach ar ar

thug an long paisinéirí róró nó an t-árthach paisinéirí ardluais sin cuairt a sheolfaidh an nós imeachta sin. Leanfaidh an Ballstát a sheol an nós imeachta um imscrúdú sábháilteachta de bheith freagrach as an imscrúdú sábháilteachta agus as an gcomhordú le Ballstáit eile a bhfuil leas substaintiúil acu go dtí go gcomhaontófar go frithpháirteach cé acu de na Ballstáit sin a bheidh i gceannas ar an imscrúdú.';

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8 agus Airteagal 9:

'*Airteagal 8*

Údarás um imscrúdú sábháilteachta

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar imscrúduithe sábháilteachta faoi fhreagracht údaráis um imscrúdú sábháilteachta atá neamhchlaonta, neamhspleách agus buan, ag a mbeidh na cumhachtaí is gá agus acmhainní leordhóthanacha agus acmhainní airgeadais leordhóthanacha, agus ag a mbeidh imscrúdaitheoirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu agus atá inniúil ar ábhair a bhaineann le taismigh mhuirí agus teagmhais mhuirí, chun a n-oibleagáidí de bhun na Treorach seo a chomhlíonadh.

Ní chuirfear cosc ar údaráis um imscrúdú sábháilteachta imscrúdaitheoirí iomchuí a cheapadh ar bhonn sealadach a mbeidh na sainscileanna riachtanacha acu chun bheith mar chuid d'imscrúdú sábháilteachta, ná comhairleoirí a úsáid chun comhairle shaineolach a thabhairt dóibh maidir le haon ghné d'imscrúdú sábháilteachta.

Chun imscrúdú sábháilteachta a dhéanamh ar bhealach neamhchlaonta, beidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta neamhspleách ó thaobh a eagraithe, a struchtúir dhlíthiúil agus a chinnteoireachta de ar aon pháirtí a bhféadfadh a leasanna teacht salach ar an gcúram a chuirtear air.

Maidir leis na Ballstáit thalamhiata nach bhfuil longa ná soithí acu a bhfuil a mbratach ar foluain orthu a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, sainaithneoidh siad comhlacht neamhspleách atá ag feidhmiú mar phointe fócasach do chomhar ar an imscrúdú sábháilteachta de bhun Airteagal 5(1), pointe (c).

2. Áiritheoidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta go mbeidh eolas oibre agus taithí phraiticiúil ag imscrúdaitheoirí aonair ar na réimsí ábhair sin a bhaineann lena ngnáthdhualgais imscrúdaitheacha. Ina theannta sin, áiritheoidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta go mbeidh rochtain réidh aige ar shaineolas iomchuí, de réir mar is gá.

3. Féadfar na gníomhaíochtaí a chuirtear de chúram ar an údarás um imscrúdú sábháilteachta a leathnú chuig bailiú agus anailísiú sonraí a bhaineann le sábháilteacht mhuirí, go háirithe chun críoch coiscthe, a mhéid nach ndéanann na gníomhaíochtaí sin difear dá neamhspleáchas nó nach ngabhann freagracht leo ó thaobh nithe de a bhaineann le rialáil, riarachán nó caighdeánú.

4. Áiritheoidh na Ballstáit, ag gníomhú dóibh faoi chuimsiú a gcóras dlí faoi seach, go ndéanfar aon fhaisnéis agus na modhanna teicneolaíochta a bhaineann le déanamh an imscrúdaithe sábháilteachta a sholáthar d'imscrúdaitheoirí a n-údarás um imscrúdú sábháilteachta, nó d'imscrúdaitheoirí aon údaráis um imscrúdú sábháilteachta eile a ndearna siad cúram an imscrúdaithe sábháilteachta a tharmligean chuige, i gcás inarb iomchuí i gcomhar leis na húdaráis atá freagrach as an bhfiosrúchán breithiúnach, agus údaraítear dóibh, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) rochtain a bheith acu ar aon limistéar ábhartha nó láithreán taismigh chomh maith le rochtain a bheith acu ar aon long, raic nó struchtúr lena n-áirítear lasta, trealamh nó smionagar;

(b) a áirithiú go liostófar láithreach fianaise agus go ndéanfar raic, smionagar nó comhpháirteanna nó substaintí eile a chuardach agus a bhaint ar bhealach rialaithe lena scrúdú nó lena n-anailísiú;

(c) a cheangal go ndéanfar scrúdú nó anailís ar na míreanna dá dtagraítear i bpointe (b), agus go mbeidh saor-rochtain acu ar thorthaí an scrúdaithe nó na hanailíse sin;

(d) saor-rochtain a bheith acu ar aon fhaisnéis ábhartha agus ar aon sonraí taifeadta, lena n-áirítear sonraí VDR nó S-VDR, a bhaineann le long, taifeadtaí seirbhíse tráchta soithigh, turas, lasta, criú nó le haon duine, réad, bail nó imthoisc eile, agus a bheith in ann cóipeáil a dhéanamh orthu agus úsáid a bhaint astu;

(e) saor-rochtain a bheith acu ar thorthaí scrúduithe ar chorpáin na n-íospartach nó ar thorthaí tástálacha a rinneadh ar shamplaí a tógadh ó chorpáin na n-íospartach;

(f) na torthaí ar scrúduithe nó ar thástálacha a rinneadh ar shamplaí a tógadh ó dhaoine a bhfuil baint acu le hoibriú loinge nó a tógadh ó aon duine ábhartha eile a éileamh agus saor-rochtain a bheith acu ar na torthaí sin;

(g) finnéithe a chur faoi agallamh in éagmais aon duine a bhféadfaí a mheas go bhfuil a leasanna díobhálach don imscrúdú sábháilteachta;

(h) taifid suirbhéireachta agus faisnéis ábhartha atá i seilbh an Stáit brataí, na n-úinéirí, na gcomhlachtaí aicmiúcháin nó aon pháirtí ábhartha eile a fháil, aon uair a bheidh na páirtithe sin nó a n-ionadaithe bunaithe sa Bhallstát;

(i) cúnamh a lorg ó na húdaráis ábhartha sna Stáit faoi seach, lena n-áirítear suirbhéirí Stáit brataí agus suirbhéirí Stát an chalafoirt, oifigigh garda cósta, oibreoirí seirbhíse tráchta muirí, foirne cuardaigh agus tarrthála, píolótaí nó pearsanra calafoirt nó muirí eile.

5. Cuirfear ar chumas an údaráis um imscrúdú sábháilteachta freagra a thabhairt láithreach ar fhógra a fháil tráth ar bith maidir le taismeach, agus acmhainní leordhóthanacha a fháil chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh go neamhspleách. Tabharfar stádas dá imscrúdaitheoirí a thabharfaidh dóibh na ráthaíochtaí is gá maidir le neamhspleáchas.

6. Féadfaidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta a chúraimí faoin Treoir seo a chomhcheangal leis an obair chun imscrúdú a dhéanamh ar tharluithe eile seachas taismigh mhuirí nó teagmhais mhuirí ar choinníoll nach gcuirtear a neamhspleáchas i mbaol de dheasca na n-imscrúduithe sábháilteachta sin.

7. Féadfaidh gach Ballstát córas bainistíochta cáilíochta a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a chothabháil dá údarás um imscrúdú sábháilteachta.

8. Tacóidh an creat buanchomhair dá dtagraítear in Airteagal 10 le húdaráis um imscrúdú sábháilteachta agus feabhsófar leis a gcumais um imscrúdú sábháilteachta trí threoraíocht agus moltaí a tharraingt suas chun a áirithiú go ndéanfar imscrúduithe sábháilteachta ar bhealach comhsheasmhach, agus déanfaidh sé clár athbhreithnithe piaraí a fhorbairt agus a chur chun feidhme i ndáil leis sin.

Airteagal 9

Rúndacht

1. Gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), áiritheoidh Ballstát, ag gníomhú dó faoi chuimsiú a chórais dlí, nach gcuirtear na taifid seo a leanas ar fáil chun críocha seachas an t-imscrúdú sábháilteachta, ach amháin má thagann údarás inniúil an Bhallstáit sin ar an tátal go bhfuil leas poiblí sáraitheach ann i nochtadh na dtaifead sin, lena n-áirítear i gcás ina mbaineann an t-údarás inniúil sin de thátal as gur mó na tairbhí a bhaineann leis an nochtadh ná an drochthionchar intíre agus idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ag nochtadh den sórt sin ar an imscrúdú sábháilteachta sin nó ar aon imscrúdú sábháilteachta a dhéanfar amach anseo:

(a) gach ráiteas a ghlac an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta ó dhaoine le linn an imscrúdaithe sábháilteachta;

(b) taifid lena nochtar céannacht na ndaoine a thug fianaise i gcomhthéacs an imscrúdaithe sábháilteachta;

(c) faisnéis a bhailíonn an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta, ar faisnéis de chineál íogair agus pearsanta ar leith í, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le sláinte daoine aonair;

(d) ábhar a thugtar ar aird ina dhiaidh sin le linn an imscrúdaithe sábháilteachta, amhail nótaí, dréachtaí, agus tuairimí a scríobh na himscrúdaitheoirí, agus tuairimí a cuireadh in iúl le linn an fhaisnéis a anailísiú;

(e) faisnéis agus fianaise a sholáthraíonn imscrúdaitheoirí ó Bhallstáit eile nó ó thríú tíortha i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta agus le cleachtais mholta, i gcás ina n-iarrann a n-údarás um imscrúdú sábháilteachta amhlaidh;

(f) dréacht de thuarascálacha eatramhacha, de thuarascálacha gonta nó de thuarascálacha críochnaitheacha;

(g) gach cumarsáid idir daoine a raibh baint acu le hoibriú na loinge;

(h) taifeadtaí i scríbhinn nó taifeadtaí leictreonacha agus tras-scríbhinní ó thaifeadtaí ón tseirbhís um thrácht árthaí, lena n-áirítear a dtuarascálacha agus torthaí arna n-ullmhú chun críoch inmheánach.

2. Ní dhéanfar taifeadtaí VDR agus S-VDR ó imscrúdú sábháilteachta a chur ar fáil ná a úsáid chun críoch eile seachas chun críoch imscrúdaithe sábháilteachta nó sábháilteachta loinge, mura rud é go ndéantar na taifeadtaí sin a anaithnidiú nó a nochtadh faoi nósanna imeachta slána.

3. Chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar ach sonraí a bhfuil fíorghá leo a nochtadh.

4. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh na cásanna ina ndéantar nochtadh dá dtagraítear i mír 3 a theorannú, agus dlí an Aontais á urramú acu.

(*) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).';

(8) leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Bunóidh na Ballstáit, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, creat buanchomhair lena gcuirfear ar chumas a n-údarás um imscrúdú sábháilteachta faoi seach oibriú i gcomhar le chéile a mhéid is gá chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach.';

(b) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh agus phointe (a):

'3. Laistigh den chreat buanchomhair, tiocfaidh na húdaráis um imscrúdú sábháilteachta ar chomhaontú, go háirithe, maidir leis na módúlachtaí comhair is fearr chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) a chur ar chumas na n-údarás um imscrúdú sábháilteachta suiteálacha, saoráidí agus trealamh a chomhroinnt chun imscrúdú teicniúil a dhéanamh ar raic agus ar threalamh loinge agus ar réada eile atá ábhartha maidir leis na himscrúduithe sábháilteachta, lena n-áirítear faisnéis ó VDRanna nó S-VDRanna agus ó fheistí leictreonacha eile a bhaint agus meastóireacht a dhéanamh uirthi;';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (h) agus (i):

'(h) comhar a chur chun cinn le húdaráis um imscrúdú sábháilteachta tríú tíortha agus leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta um imscrúdú tionóiscí muirí sna réimsí a chumhdaítear leis an Treoir seo;

(i) aon fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil d'údaráis um imscrúdú sábháilteachta a sheolann imscrúduithe sábháilteachta.';

(9) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Beidh comhar Ballstáit in imscrúdú sábháilteachta arna dhéanamh ag tríú tír a bhfuil leas substaintiúil aici ann gan dochar do chomhlíonadh dhéanamh na n-imscrúduithe sábháilteachta agus do chomhlíonadh cheanglais tuairiscithe na n-imscrúduithe sábháilteachta faoin Treoir seo aige. I gcás ina bhfuil tríú tír a bhfuil leas substaintiúil aici i gceannas ar imscrúdú sábháilteachta a bhaineann le Ballstát amháin nó níos mó, féadfaidh na Ballstáit sin cinneadh a dhéanamh gan imscrúdú sábháilteachta comhthreomhar a dhéanamh, ar choinníoll go ndéanfar an t-imscrúdú sábháilteachta faoi stiúir an tríú tír i gcomhréir le Cód IMO maidir le hImscrúdú Taismeach. I gcásanna den sórt sin, ní bheidh feidhm ag Airteagal 14 maidir le húdaráis um imscrúdú sábháilteachta.';

(10) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) an fhaisnéis uile a shábháil ó chairteacha, logleabhair, taifeadtaí leictreonacha agus maighnéadacha agus físteipeanna, lena n-áirítear faisnéis ó VDRanna nó S-VDRanna agus ó fheistí leictreonacha eile a bhaineann leis an tréimhse roimh thionóisc, lena linn agus ina diaidh;';

(11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

'*Airteagal 14*

Tuarascálacha ar thionóiscí

1. Beidh mar thoradh ar imscrúduithe sábháilteachta a dhéanfar faoin Treoir seo tuarascáil fhoilsithe ar thionóisc a thíolacfar i bhformáid arna sainiú ag an údarás inniúil um imscrúdú sábháilteachta agus i gcomhréir leis na ranna ábhartha d'Iarscríbhinn I.

Féadfaidh údarás um imscrúdú sábháilteachta cinneadh a dhéanamh gan ach tuarascáil achomair ar imscrúdú sábháilteachta a fhoilsiú, sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás nach mbaineann an t-imscrúdú sábháilteachta le taismeach muirí an-tromchúiseach; nó

(b) i gcás nach bhféadfadh torthaí an imscrúdaithe sábháilteachta a bhaineann le taismeach muirí nó teagmhas muirí a bheith ina gcúis le taismigh mhuirí nó teagmhais mhuirí a bheidh ann amach anseo a cosc.

2. Déanfaidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta gach iarracht an tuarascáil ar thionóisc dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear na conclúidí agus aon mholadh a d'fhéadfadh a bheith inti, a chur ar fáil don phobal, go háirithe don earnáil mhuirí, laistigh de 12 mhí ó dháta an taismigh mhuirí nó an teagmhais mhuirí. Más rud é, i gcás taismeach muirí an-tromchúiseach, nach féidir an tuarascáil chríochnaitheach ar thionóisc a chur ar fáil laistigh den tréimhse sin, foilseofar tuarascáil eatramhach ar thionóisc laistigh de 12 mhí ó dháta an taismigh mhuirí nó an teagmhais mhuirí.

3. Cuirfidh údarás um imscrúdú sábháilteachta an Bhallstáit imscrúdúcháin atá i gceannas cóip den tuarascáil chríochnaitheach nó den tuarascáil eatramhach chuig an gCoimisiún. Cuirfidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta san áireamh aon bharúlacha teicniúla ón gCoimisiún maidir le tuarascálacha críochnaitheacha ar choinníoll nach ndéanann na barúlacha sin difear do shubstaint na dtorthaí, chun cáilíocht na tuarascála ar thionóisc a fheabhsú ar an mbealach is fabhraí chun cuspóir na Treorach seo a bhaint amach.

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun na codanna seo a leanas d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo a leasú. "2. Faisnéis fhíorasach", "3. Insint" agus "4. Anailís."'

(12) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na seolaithe moltaí sábháilteachta arna ndéanamh ag na húdaráis um imscrúdú sábháilteachta a chur san áireamh go cuí, go háirithe d'fhonn tionóiscí amach anseo a chosc, agus, i gcás inarb iomchuí, go ndéanfar obair leantach leormhaith a sholáthar dóibh i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta.

2. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh údarás um imscrúdú sábháilteachta nó an Coimisiún moltaí sábháilteachta ar bhonn anailís theibí ar shonraí agus ar thorthaí foriomlána na n-imscrúduithe sábháilteachta a dhéantar.';

(13) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Gan dochar dá cheart chun foláireamh luath a thabhairt, déanfaidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta, ag aon chéim d'imscrúdú sábháilteachta, má mheasann sé go bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach ar leibhéal an Aontais chun riosca i ndáil le taismigh nua a chosc, an Coimisiún a chur ar an eolas gan mhoill faoin ngá atá le foláireamh luath a thabhairt.';

(14) leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'2a. Tabharfaidh na Ballstáit fógra do EMCIP faoi gach taismeach muirí agus teagmhas muirí i gcomhréir leis an bhformáid in Iarscríbhinn II agus, nuair a dhéantar imscrúdú sábháilteachta, soláthróidh siad sonraí a thagann as an imscrúdú sábháilteachta sin i gcomhréir le scéim bhunachar sonraí EMCIP. I gcás soithí iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar ar fad, ní gá ach taismigh mhuirí an-tromchúiseach a thuairisciú. Mura ndéantar imscrúdú ar thaismigh mhuirí an-tromchúiseach a bhaineann le soithí iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar, déanfar na cúiseanna nach ndearna siad amhlaidh a thuairisciú chuig EMCIP.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Tabharfaidh na húdaráis um imscrúdú sábháilteachta fógra do EMCIP faoi gach taismeach muirí an-tromchúiseach. Féadfaidh na Ballstáit an t-údarás náisiúnta inniúil nó na húdaráis náisiúnta inniúla a chinneadh agus a ainmniú chun tuairisciú a dhéanamh ar gach taismeach agus teagmhas muirí eile. Nuair a bheidh an Coimisiún ar an eolas faoi thaismeach muirí nó teagmhas muirí, cuirfidh sé na húdaráis náisiúnta inniúla ar an eolas faoi sin.';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo a leasú, chun liosta na dtaismeach muirí nó na sonraí maidir le fógra a thabhairt faoi theagmhais mhuirí a thabhairt cothrom le dáta chun athruithe a rinne IMO ar Chód IMO maidir le hImscrúdú Taismeach a chur san áireamh.';

(15) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

'*Airteagal 17a*

Tacaíocht oiliúna agus oibríochtúil

1. Éascóidh an Coimisiún, leis an gcúnamh ón nGníomhaireacht agus i gcomhar leis na Ballstáit, forbairt acmhainní agus comhroinnt eolais laistigh de na húdaráis um imscrúdú sábháilteachta agus eatarthu trí oiliúint thráthrialta a chur ar fáil maidir le forbairtí nua dlí agus teicneolaíochta, teicnící agus uirlisí sonracha agus teicneolaíochtaí a bhaineann le longa, lena dtrealamh agus lena n-oibríochtaí, ag brath ar na riachtanais atá ag údaráis um imscrúdú sábháilteachta.

2. Arna iarraidh sin d'údaráis um imscrúdú sábháilteachta, agus ar chuntar nach dtagann aon choinbhleacht leasa chun cinn, soláthróidh an Coimisiún tacaíocht oibríochtúil do na Ballstáit agus iad i mbun a n-imscrúduithe sábháilteachta. Féadfar a áireamh ar thacaíocht den sórt sin soláthar uirlisí nó trealaimh speisialaithe anailíseacha, chomh maith le saineolas sonrach, ar choinníoll nach gcuirtear neamhspleáchas na n-údarás um imscrúdú sábháilteachta lena mbaineann i mbaol mar thoradh ar sholáthar na tacaíochta.';

(16) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19 agus Airteagal 20:

'*Airteagal 19*

Nós imeachta coiste

1. Déanfaidh an Coiste um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a Chosc (COSS), a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 20

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 14(4) agus 17(5) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón 26 Nollaig 2024

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 14(4) agus 17(5) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (***).

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 14(4) agus 17(5) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 lena mbunaítear Coiste um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a Chosc (COSS) agus lena leasaítear na Rialacháin maidir le sábháilteacht mhuirí agus le truailliú ó longa a chosc (IO L 324, 29.11.2002, lch. 1).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(***) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.';

(17) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 20a*

Leasuithe ar Chód IMO maidir le hImscrúdú Taismeach

Beidh feidhm ag na leasuithe ar Chód IMO maidir le hImscrúdú Taismeach, gan dochar don nós imeachta um chomhréireacht a sheiceáil a leagtar amach in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002.';

(18) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 23:

'*Airteagal 23*

Athbhreithniú ar chur chun feidhme

Déanfaidh an Coimisiún, faoin 27 Meitheamh 2032 tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme agus comhlíonadh na Treorach seo, agus déanfar, más gá, bearta breise a mholadh i bhfianaise na moltaí a leagtar amach inti, lena n-áirítear aird a thabhairt ar an bhféidearthacht imscrúdú éigeantach sábháilteachta a dhéanamh ar shoithí iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar ar fad a áireamh i raon feidhme na Treorach seo agus ar thionchar na nithe sin ar ualach oibre na n-údarás um imscrúdú sábháilteachta.';

(19) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 2.1:

'2.1. **Sonraí na loinge**

Bratach/clár,

Sainaithint,

Príomhthréithe,

Úinéireacht agus bainistíocht,

Mionsonraí foirgníochta,

Foirniú sábháilte íosta,

Lasta údaraithe,

Maidir le soithí iascaireachta, an cineál iascaigh a bheidh á dhéanamh tráth na tionóisce.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 2.3:

'2.3. **Faisnéis faoi thaismeach muirí nó faoi theagmhas muirí**

An cineál taismigh mhuirí nó teagmhais mhuirí,

Dáta agus am,

Suíomh agus áit an taismigh mhuirí nó an teagmhais mhuirí,

Timpeallacht sheachtrach agus timpeallacht inmheánach,

Oibríocht loinge agus deighleog an turais,

Áit ar bord,

Maidir le taismigh mhuirí nó teagmhais mhuirí ina bhfuil oibrithe ar tír nó oibrithe calafoirt i gceist leis an lasta atá á iompar,

Sonraí tosca daonna;

Iarmhairtí (do dhaoine, don long, don lastas, don chomhshaol, eile).';

(20) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 30:

'30. Damáiste lastais, lena n-áirítear coimeádáin arna gcailleadh ar muir.'.

Airteagal 2

Trasuí

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 27 Meitheamh 2027. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2011 le héifeacht ón 27 Meitheamh 2027.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 5

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 27 Samhain 2024.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
R. METSOLA	BÓKA J.